Coimisiún na Scrúduithe Stáit
**State Examinations Commission**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2010

# Fisic

## An tArdleibhéal

## Scéim Mharcála

## Treoirlínte Ginearálta

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt chun aire i ndáil leis an scéim mharcála seo:

1) I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail buntábhachta -- focail nach mór iad á lua ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra go ngnóthófaí na marcanna a luaitear ina leith.

2) Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairteacha ar a chéile iad sin a bhfuil *solidus*, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon. Ní foláir na focail atá deighilte óna chéile le s*olidus* agus líne fúthu a bheith tugtha ina gcomhthéacs ceart tríd an chuid eile den ráiteas a thabhairt freisin go ngnóthófaí an marc a chuirtear i leith an fhreagra.

3) Freagraí a dheighiltear óna chéile le *solidus* dúbailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.

4) Níl deireadh ráite le haon chur síos, modh oibre ná sainmhíniú a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí eile atá ceart.

5) Is de réir chomhthéacs na ceiste agus an chaoi ina gcuirtear í agus an líon marcannna a chuirtear i leith an fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le ceist ar bith. Tharlódh dá bhrí sin go mbeadh athrú ó bhliain go bliain i gcás ar bith faoi leith.

6) Sa chás go luaitear sin, dealaítear aon mharc amháin i ndáil leis na haonaid chontráilte a lua nó na haonaid chearta a fhágáil ar lár.

7) Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, dealaítear aon mharc amháin.

## ROINN A (120 marc)

Freagair **trí** cheist as an roinn seo.
Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

### Ceist 1

I dturgnamh chun an coibhneas idir luasghéarú coirp agus an fórsa a feidhmíodh air a fhiosrú, rinne mac léinn na sonraí seo a leanas a thaifeadadh.

| $F$/N | 0.20 | 0.40 | 0.60 | 0.80 | 1.00 | 1.20 | 1.40 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $a$/m s$^{-2}$ | 0.08 | 0.18 | 0.28 | 0.31 | 0.45 | 0.51 | 0.60 |

**Déan cur síos ar na céimeanna a bhíonn i gceist nuair a thomhaistear luasghéarú an choirp.**

an treoluas/luas tosaigh a thomhas/ríomh 3
an treoluas/luas a thomhas/ríomh arís (t soicind ina dhiaidh sin ) 3
fad an eadraimh idir an treoluas tosaigh agus an treoluas deiridh / an fad idir na geataí solaisú a thomhas 3
foirmle a bhaineann le hábhar a úsáid e.g. $v = u + at$ / $v^2 = u^2 + 2as$ 3

12

An modh oibre le logáil sonraí:
an braiteoir gluisne a thabhairt mar is ceart leis an gcorp (e.g. tralaí) / léaráid (3)
START a roghnú agus scaoileadh leis an gcorp (3)
(STOP a roghnú agus) GRAF de '$a$ vs. $t$' a léiriú // '$v$ vs. $t$' (3)
(barra deiseanna a úsáid chun) meánluach do $a$ a fháil //
(deis) fána a úsáid chun $a \ (= \frac{dv}{dt})$ a fháil (3)

**Agus na sonraí taifeadta á n-úsáid agat, tarraing graf chun an coibhneas idir luasghéarú an choirp agus an fórsa a feidhmíodh air, a thaispeáint. Cad a deir do ghraf leat faoin gcoibhneas seo?**

lipéid mar is ceart a chur leis na haiseanna ar ghrafpháipéar 3
sé phointe a bhreacadh go cruinn **(–1 in aghaidh gach pointe míchruinn/ar lár)** 3
líne dhíreach 3
dáileadh maith 3
ráiteas cruinn / cothromóid cruinn / $a \propto F$ 4

16

**Agus do ghraf á úsáid agat, faigh mais an choirp.**

an modh oibre ceart i ndáil le fána 3
(m = ) 2.32 kg [réimse: 2.1 ↔ 2.4 kg] 3
**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)**

6

In iarracht thrialach den turgnamh seo a rinne sé, fuair mac léinn amach nach ndeachaigh an graf tríd an mbunphointe. **Déan cúis a mholadh leis seo agus déan cur síos ar an gcaoi ar chóir an gaireas a choigeartú chun go rachadh an graf tríd an mbunphointe.**

frithchuimilt / cúis inghlactha ar bith 3
an traic a ardú/choigeartú//an fána a ghéarú/choigeartú 3

6

**Ceist 2**

I dturgnamh chun sainteas folaigh galúchán uisce a thomhas, bhain mac léinn úsáid as calraiméadar copair ina raibh uisce agus teirmiméadar íogair. Rinneadh an t-uisce a fhuarú, faoi bhun theocht an tseomra, sular cuireadh gal thirim tríd.

Taifeadadh na sonraí seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| Mais an chalraiméadair chopair | = | 34.6 g |
| Mais tosaigh an chalraiméadair agus an uisce | = | 96.4 g |
| Mais na gaile tirime a cuireadh leis | = | 1.2 g |
| Teocht tosaigh an chalraiméadair agus an uisce fhuaraithe | = | 8.2 °C |
| Teocht deiridh an chalraiméadair agus an uisce | = | 20.0 °C |

**Conas a rinneadh an t-uisce a fhuarú, faoi bhun theocht an tseomra?**
tagairt d'úsáid chuí as an oighear / uisce a baineadh as an gcuisneoir 6
( – 3 i ndáil le húsaid nach cuí as an oighear)

**Conas a triomaíodh an ghal?**
galghaiste a úsáid / feadán soláthair socraithe in aghaidh an aird 6

**Déan cur síos ar conas a aimsíodh mais na gaile.**
mais deiridh an chalraiméadair móide an ábhair ann/an uisce – mais tosaigh an chalraiméadair móide an ábhair ann/an uisce 6

**Cén fáth ar úsáideadh teirmiméadar íogair?**
d'fhonn cruinneas níos géire / d'fhonn maolú ar earráid (chéatadánach) / sonraí níos suntasaí / e.g. d'fhonn léamh a fháil chomh mion le 0.1 $^{o}$C 6

24

**Agus na sonraí á n-úsáid agat, ríomh sainteas folaigh galúchán uisce.**

[an teas a chailltear ón ngal = an teas a ghnóthaítear san uisce agus sa chalraiméadar]

[$m_S = 1.2\times10^{-3}$ (kg) agus ] $m_W = 6.18\times10^{-2}$ (kg) h/m 3
$\Delta\theta_{SV} = 80(\text{K})$ agus $\Delta\theta_W (= \Delta\theta_{cu}) = 11.8(\text{K})$ 3

$$(ml)_S + (mc\Delta\theta)_{S/V} = (mc\Delta\theta)_W + (mc\Delta\theta)_{cu}$$ 4

**(gan marc ar bith sa chás go mbíonn gné *ml* fágtha ar lár: i gcásanna eile, i ndáil le luach cainníochta a fhágáil ar lár nó an ceann contráilte a thabhairt, –1 in aghaidh gach luach cainníochta acu)**

$$(1.2\times10^{-3})l_V + (1.2\times10^{-3})(4180)(80) = (6.18\times10^{-2})(4180)(11.8) + (3.46\times10^{-2})(11.8)(390)$$

$$/ \ (1.2\times10^{-3})l_V + 401.3 = 3048.2 + 159.2$$ 3

**(–1 i ndáil le gach mír ionadaíochta míchruinn)**

$$l_V = 2.34\times10^6 \text{ Jkg}^{-1}$$ 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)**

16

## Ceist 3

I dturgnamh chun dlí Snell a fhíorú, rinne mac léinn na sonraí seo a leanas a thaifeadadh.

| $i$ / ° | 30 | 40 | 50 | 55 | 60 | 65 | 70 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $r$ / ° | 19 | 26 | 30 | 33 | 36 | 38 | 40 |

| sin $i$ | 0.500 | 0.643 | 0.766 | 0.819 | 0.866 | 0.906 | 0.939 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| sin $r$ | 0.325 | 0.438 | 0.500 | 0.544 | 0.588 | 0.615 | 0.643 |

**Tarraing léaráid lipéadaithe den ghaireas a úsáideadh. Ar do léaráid, taispeáin uillinn *i* agus an uillinn chomhfhreagrach *r*.**

léaráid lena dtaispeántar:

meán sprice e.g. blocán gloine 3
ga ionsaitheach (ón mbosca gathanna) 3
ga ingearach / normal agus ga athraonta 3
lipéad leis na huillinneacha, *i* agus *r* 3

12

**Agus na sonraí taifeadta á n-úsáid agat, tarraing graf oiriúnach agus mínigh conas a dhéanann do ghraf dlí Snell a fhíorú.**

luach sin *i* agus sin *r* cruinn i ndáil le sé phointe **(–1 in aghaidh gach pointe míchruinn/ar lár)** 4
lipéid mar is ceart a chur leis na haiseanna ar ghrafpháipéar 3
sé phointe a bhreacadh go cruinn **(–1 in aghaidh gach pointe míchruinn/ar lár)** 3
líne dhíreach lena léirítear dáileadh maith 3
ráiteas cruinn / cothromóid cruinn / $\sin i \propto \sin r$ 3

**Agus do ghraf á úsáid agat, ríomh an chomhéifeacht athraonta.**

an modh oibre ceart i ndáil le fána 3
($n$ = ) 1.41 [réimse: 1.38 – 1.52] 3

22

**Níor thaifead an mac léinn luachanna ar bith den uillinn *i* faoi 30°. Tabhair dhá chúis leis sin.**

d'fhonn laghdú ar an earráid (chéatadánach) 3
soathrú níos cuimsithí e.g. deacair uillinneacha a thomhas /léamh, $r < i$ , etc. 3

6

**Ceist 4**

I dturgnamh chun fiosrú a dhéanamh ar chomhathrú friotaíocht *R* teirmeastair i gcoibhneas lena theocht $\theta$, thomhais mac léinn an friotaíocht ag teochtaí difriúla.

Sa tábla taispeántar na tomhais a taifeadadh.

| $\theta$/°C | 20 | 30 | 40 | 50 | 60 | 70 | 80 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $R$/Ω | 2000 | 1300 | 800 | 400 | 200 | 90 | 40 |

**Tarraing léaráid lipéadaithe den ghaireas a úsáideadh.**

teirmistear /friotaíocht sa leacht 3

teirmiméadar (i ndabhach uisce/in ola) 3

teirmistear ceangailte le hóm-mhéadar/ilmhéadar (digiteach)/IMD (/DMM) ***le lipéad*** 3

9

**Conas a tomhaiseadh an fhriotaíocht?**

Th3 ceangailte le méadar 3

óm-mhéadar a chur in iúl (a lua/a thabhairt le tuiscint) 3

6

**Déan cur síos ar conas a comhathraíodh an teocht.**

foinse teasa/pláta te/dóire Bunsen 6

6

**Agus na sonraí á n-úsáid agat, tarraing graf chun comhathrú friotaíocht teirmeastair i gcoibhneas lena theocht a thaispeáint.**

lipéid mar is ceart a chur leis na haiseanna ar ghrafpháipéar 3

sé phointe a bhreacadh go cruinn **(–1 in aghaidh gach pointe míchruinn/ar lár)** 3

cuar réidh 3

dáileadh maith 3

**Bain úsáid as do ghraf chun meastachán a dhéanamh ar mheán-chomhathrú na friotaíochta in aghaidh an cheilvin sa raon 45 °C – 55 °C.**

(±) 30 Ω ($^{o}C^{-1}$) or Ω ($K^{-1}$) [réimse: 28↔ 32] 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)**

15

**San fhiosrú seo, cén fáth a mbíonn an teirmeastar tumtha in ola de ghnáth seachas in uisce?**

is fearr an seoltóir teasa ola na uisce / bíonn aer san uisce / seoltóir leictreachais is ea uisce (neamhíon) /teagmhálaí teirmeach maith 4

4

## ROINN B (280 marc)

Freagair **cúig** cheist as an roinn seo.
Tá 56 marc ag gabháil le gach ceist.

### Ceist 5 Freagair ocht gcinn ar bith de na míreanna seo a leanas (*a*), (*b*), (*c*), etc.

***(a)* Cad iad an dá choinníoll a bhaineann le cothromaíocht tacar d'fhórsaí comhphlánacha?**

fórsaí suas = fórsaí síos // is ionann suim (ailgéabrach) na bhfórsaí atá ag feidhmiú agus náid 4
is ionann suim (ailgéabrach) mhóimintí (na bhfórsaí thart ar phointe ar bith) agus náid 3

***(b)* Cad í uillinn chriticiúil sampla de ghloine arb ionann a chomhéifeacht athraonta agus 1.46?**

$n = \dfrac{1}{\sin i_C}$ (4)

$i_C = 43.2^{\circ}$ 7

***(c)* Ainmnigh na codanna A agus B den speictriméadar a thaispeántar sa léaráid.**

A = (cas)c(h)lár, B = teileascóp 4 + 3

***(d)* Mínigh cén fáth a mbíonn an sneachta mall ag leá de réir mar a ardaíonn an teocht os cionn 0°C.**

teas folaigh (an tsneachta/oighir) / an fuinneamh a theastaíonn d'athrú staide 4
mór (an-mhór) 3
(bronntar 3 mharc i ndáil le freagra neamhiomlán a bhaineann le hábhar)

**(*e*) Cad é an lucht deimhneach a stóráiltear ar thoilleoir 5 μF nuair a cheanglaítear é de sholáthar 120 V s.d.?**

$q = C\,V$ (4)
$q = 6.0 \times 10^{-4}$ C / 0. 60 mC / 600 μC **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 7

***(f)* Cé acu ceann de na feistí seo a leanas a choigeartaítear nuair a thiúntar raidió?**
**Claochladán, dé-óid, toilleoir, réastat**

toilleoir (tiúnála) 7

***(g)* Luaigh dlí Faraday um ionduchtú leictreamaighnéadach.**

rlm (ionduchtaithe) $\propto$ // $e \propto / = \dfrac{d\vartheta}{dt}$ 4
ráta athraithe an fhloisc (mhaighnéadaigh) // nodaireacht chruinn 3

***(h)* Is é an buaicvoltas ag soláthar s.a. ná 300 V. Ríomh an voltas fmc.**

$\dfrac{300}{\sqrt{2}}$ / 212(V) 7

***(i)*** **Ainmnigh an gás radaighníomhach atá le fáil go nádúrtha agus a éalaíonn isteach i bhfoirgnimh ó charraigeacha faoi thalamh agus a fhéadann a bheith mar chúis le hailse scamhóg.**

radón (gás radóin) 7

***(j)*** **Tabhair dhá bhuntáiste atá ag luasaire ciorclach ar luasaire líneach.**

níos lú (níos lú spáis) // luas/fuinneamh níos airde // etc. dhá cheann ar bith 4 + 3

**nó**

**Luaigh an prionsabal a ghabhann le galbhánaiméadar luailchorna.**

tagann seoltóir a bhfuil sruth á iompar tríd faoi fheidhm fórsa 4
(ar a chur) i réimse maighnéadach. 3

**Ceist 6**

**Luaigh dlí Newton na himtharraingthe uilíche.**

fórsa i gcomhréir le toradh na maiseanna // $F = \frac{Gm_1m_2}{d^2}$ / $F \propto \frac{m_1m_2}{d^2}$ 3

($F$) i gcomhréir <u>contrártha</u>/<u>indíreach</u> le luach cearnach an fhaid // nodaireacht go cruinn 3

**Bain úsáid as an dlí seo chun an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe a ríomh ag airde os cionn dromchla an domhain atá dhá uair níos mó ná ga an domhain.**

fágann 2$d$ os cionn dhroim an domhain fad = 3$d$ ó lárphointe an domhain
(a lua/a thabhairt le tuiscint) 3

[i ndáil le mais $m$ ar dhromchla an domhain:] $mg = \frac{GMm}{d^2}$ / $g = \frac{GM}{d^2}$ / $g \propto \frac{1}{d^2}$ 3

[i ndáil le fad 3$d$ ó lárphointe an domhain] $mg_1 = \frac{GMm}{(3d)^2}$ / $g_1 = \frac{GM}{9d^2}$ / $g_1 \propto \frac{1}{(3d)^2}$ 3

[i ndáil le mais $m$ atá fad (3$d$) ó lárphointe an domhain] $\therefore g_1 = \frac{g}{9}$ / 1.09 m s$^{-2}$ 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 18

Tá spásárthach, ina bhfuil spásairí, ar eitilt ar líne dhíreach go dtí an ghealach agus tar éis tamaill stoptar na hinnill.

(i) **Mínigh cén fáth a leanann an spásárthach ar aghaidh ar a thuras, cé go bhfuil na hinnill stoptha.**

tagairt don chéad cheann de dhlíthe gluaisne Newton / 'mar gheall ar an <u>móiminteam</u>/<u>táimhe</u>' atá ann 6

(ii) **Déan cur síos ar an athrú a thagann ar mheáchan na spásairí agus iad ag taisteal go dtí an ghealach.**

íslíonn an meáchan (go dtí náid) agus an spásaire ag imeacht ón domhan 3

tagann meáchan (is lú ná an gnáthmheáchan) sa spásaire ag teannadh leis an ngealach 3

12

(iii) **Cén airde os cionn dhromchla an domhain ag a mothóidh na spásairí dímheáchan?**

imtharraingt an domhain = imtharraingt na gealaí 3

$$\frac{GM_E m}{R_1^2} = \frac{GM_m m}{R_2^2}$$ **3**

$$\frac{M_E}{M_m} (=81) = \frac{R_1^2}{R_2^2}$$ 3

$9 = \frac{R_1}{R_2}$ (–1 maidir le freagra neamhiomlán) / airde os cionn an domhain = 3.39 × 10$^8$ m 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 12

(iv) **Téann an ghealach timpeall an domhain gach 27.3 lá. Cad é a treoluas, ina mhéadair sa soicind?**

foirmle: (i ndáil le fithis amháin:) $v = \frac{2\pi r}{T}$ 3

ionadaíocht: $v = \frac{2\pi(3.84 \times 10^8)}{27.3 \times 24 \times 60 \times 60}$ 3

freagra: $v = 1022..9 \text{ m s}^{-1}$ $(\approx 1.02 \times 10^3 \text{ m s}^{-1})$ 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 9

(v) **Cén fáth nach bhfuil aon atmaisféar ar bith ar an ngealach?**

fórsa imtharraingte ró-lag (go gcoinneofaí atmaisféar) 5

5

## Ceist 7

**Cad í iarmhairt Doppler?**

athrú (de réir dealraimh) sa mhinicíocht 3

de bharr gluaisne (choibhneasta) idir an fhoinse agus an breathnóir 3

**Mínigh, le cabhair léaráidí lipéadaithe, conas a tharlaíonn an feiniméan seo.**

Léaráid:

lipéad le foinse gluaiste na dtonnta **( –1 sa chás nach bhfuil lipéad leis)** 3

tonnfhad gearr ag teannadh leis an mbreathnóir 3

tonnfhad níos faide ag dul ar siar 3

tagairt chruinn don athrú minicíochta 3

**( –1 mura mbíonn na tonnta le sonrú/le tuiscint go soiléir)** 18

**Déan cur síos ar thurgnamh saotharlainne chun iarmhairt Doppler a léiriú.**

foinse fuaime (e.g dordánaí) 3

foinse luascáin ceangailte de théad 3

athrú minicíochta nóta a thabhairt faoi deara a luaithe a théann an fhoinse thar an mbreathnóir 3

(is féidir an fhoinse freisin a sheoladh ar fhad na téide, etc.) 9

**Cad is cúis leis an deargaistriú i speictream réalta i bhfad i gcéin?**

gluaiseacht choibhneasta réalta i gcomparáid leis an domhan 3

($\lambda$ níos faide sa chás go bhfuil) an réalta ag dul ar gcúl (ón domhan) 3

6

Tá tonnfhad 587 nm ag an líne bhuí a astaítear as feadán díluchtúcháin héiliam sa tsaotharlann mar a thaispeántar sa léaráid. Tá tonnfhad tomhaiste 590 nm ag an líne bhuí chéanna i speictream héiliam réalta.

**Cad is féidir a dhéaduchtú faoi ghluaisne na réalta?**

tá an réalta ag cúlú/imeacht níos faide ón domhan 3

**Ríomh luas an réalta agus í ag gluaiseacht.**

$$\lambda' = \lambda\left(\frac{c+u}{c}\right) \quad // \quad f' = f\left(\frac{c}{c+u}\right)$$ 6

$$u = c\left(\frac{\lambda'}{\lambda} - 1\right) \quad // \quad u = c\left(\frac{f}{f'} - 1\right)$$ 3

ionadaíocht [ $f = 5.11073\times10^{14}$ agus $f' = 5.08475\times10^{14}$ ] 3

$u = 1.5333\times10^{6}\ \mathrm{m\,s^{-1}}$ 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 18

**Tabhair feidhm eile atá ag iarmhairt Doppler.**

radar, íomháineachas míochaine, tomhas ar shreabhadh fola (cardagram macalla), tomhas teochta, fuaimíocht (faoi uisce), etc. 5

5

## Ceist 8

I dtriomadóir gruaige a bhfuil cásáil phlaisteach air, baintear úsáid as sreang chorntha mar fhoinse teasa. Nuair a shreabhann sruth leictreach tríd an tsreang chorntha, téitear an t-aer timpeall uirthi agus séideann gaothrán mótaraithe an t-aer te amach.

**Cad is sruth leictreach ann?**

sruth luicht / $e^-$ 6

**Iarmhairt amháin atá ag sruth leictreach ná téamh. Tabhair dhá iarmhairt eile ag sruth leictreach.**

maighnéadach 3
ceimiceach 3

12

Sa léaráid taispeántar léaráid chiorcaid bhunúsach do thriomadóir gruaige.

**(i) Déan cur síos ar an rud a tharlaíonn:**

**(*a*) nuair a dhúntar lasc A agus nuair a choigeartaítear an réastat**

oibríonn an gaothrán agus athraíonn an luas (roithlithe) atá faoi 3

**(*b*) nuair a dhúntar lasc A agus lasc B.**

sreabhann lucht/sruth tríd an gcorna // éiríonn an corna te 3

séideann an gaothrán aer te amach 3

9

**(ii) An chumhacht uasta a ghintear sa chorna téimh ná 2 kW.**

**(*a*) Cad í friotaíocht tosaigh an chorna?**

**(*b*) Ríomh an sruth tosaigh a shreabhann tríd an gcorna nuair a chastar an triomadóir ar siúl.**

$P = IV$ 3

$I\left(=\frac{P}{V}\right)=\frac{2000}{230}$ / 8.7 A **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

$V = RI \;/\; R = \frac{230}{8.696}$ / = 26.4 Ω **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

9

**(iii) Úsáidtear giota de shreang niocróim a bhfuil trastomhas 0.17 mm ann mar chorna sa triomadóir. Ríomh fad an chorna sreinge.**

$A = \pi r^2$ 3

$A = (3.14)(0.085\times10^{-3})^2$ 3

$A = 2.27\times10^{-8}\,(\text{m}^2)$ 3

$\rho = \frac{RA}{l}$ 3

$l = \frac{(26.4)(2.27\times10^{-8})}{1.1\times10^{-6}}$ 3

$l = 0.5448$ m / 54.5 cm **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte** 3

18

**(iv) Mínigh cén fáth a laghdófaí an sruth tríd an gcorna dá n-éireodh an gaothrán lochtach agus dá stopfadh sé ag obair.**

d'éireodh an gaothrán te 4
d'ardódh $R$ an ghaothráin 4

**(ráiteas cruinn ar bith lena mínitear an fáth $R_{cct}$ nó $R_{corna}$ ardaithe…. 2 × 4)**

8

## Ceist 9

**Cad is astaíocht theirmianach ann?**

astaíocht leictreon 3

(as) dromchla mhiotail the 3

[6]

Táirgtear X-ghathanna nuair a imbhuaileann leictreoin ardfhuinnimh le targaid. **Tarraing léaráid lipéadaithe d'fheadán X-ghathach.**

folús 3

catóid 3

targaid / anóid 3

voltas ard (anóid luasghéaraithe) nó H.T. / sciath scátha / fuarú / voltas íseal (catóid) nó L.T. 3

[12]

**Cad is X-ghathanna ann agus cén difríocht atá idir iad agus gathanna solais?**

cad iad: radaíocht leictreamaighnéadach / fótóin / candaim fuinnimh 6

minicíocht ard / tonnfhad gearr / go leor fuinnimh 3

difríocht: treánn x-ghathanna damhna / ianúchán dá mbarr / airí comparáide inghlactha ar bith 3

**Tabhair dhá úsáid a bhaintear as X-ghathanna.**

anailís (mhíochaine) ar struchtúr na gcnámh / scanáil ar bhagáiste (san aerfort) / úsáid shainiúil ar bith i gcúrsaí leighis, tionsclaíochta nó slándála, etc. dhá cheann ar bith 2×3

[18]

Nuair a bhuaileann na leictreoin an targaid i bhfeadán X-ghathach, ní thiontaítear ach céatadán beag dá bhfuinneamh ina X-ghathanna. **Cad a tharlaíonn don chuid eile dá bhfuinneamh agus cén tionchar atá aige seo ar an saghas targaide a úsáidtear?**

tiontú ina theas 6

ní mór pointe leáite (an-)ard in ábhar na targaide / (sampla faoi leith, e.g.) tungstan 3

[9]

**Feidhmítear difríocht poitéinsil (voltas) de 40 kV trasna feadán X-ghathach.**

**Ríomh:**

**(i) fuinneamh uasta leictreoin nuair a bhuaileann sé an targaid**

$W = qV$ 3

$W = \left(1.6\times10^{-19}\right)\left(40\times10^{3}\right) \,/\!= 6.4\times10^{-15}\text{ J}$ **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

**(ii) minicíocht an X-gha is fuinniúla a tháirgtear.**

$E = hf$ 3

$f = \dfrac{6.4\times10^{-15}}{6.6\times10^{-34}} \;/\; = 9.7\times10^{18}\text{ Hz}$ **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 2

[11]

**Ceist 10**

Freagair cuid (*a*) **nó** cuid (*b*).

(*a*)

**(i) Cad is frithdhamhna ann?**

ábhar/damhna/cáithnín atá ar aon mhais le cáithnín eile 3

(ach ar aon mhéid agus) malairt luicht 3

**Fionnadh cáithnín frithdhamhna den chéad uair le linn staidéir ar ghathanna cosmacha i 1932. Ainmnigh an frithcháithnín agus tabhair a shiombail.**

posatrón / frithleictreon 3

$e^+$ / $\beta^+$ / $\overline{e}$ 3

**Cad a tharlaíonn nuair a bhuaileann cáithnín lena fhrithcháithnín?**

tiontaítear an mhais (ar fad) / tarlaíonn díothúchán díse (agus, ina dhiaidh sin, cruthú) 3

fuinneamh / fótó(i)n 3

18

**(ii) Cad is brí le dísiú?**

cáithnín agus frithcháithnín (an chinn sin) a chruthú 3

as fuinneamh / gáma-ghathanna 3

(posatrón agus leictreon a tháirgeadh as fótón gáma-gha … 6 mharc )

**Fótón de mhinicíocht 3.6 × 10[20] Hz is cúis le dísiú. Ríomh fuinneamh cinéiteach ceann amháin de na cáithníní a tháirgtear agus a bhfuil fosmhais 9.1 × 10[–31] kg i ngach ceann díobh.**

Don fótón : $E = hf$ / $E = (6.6\times10^{-34})[3.6\times10^{20}]$ / $2.376\times10^{-13}$ (J) 3

$E = mc^2$ / $E = 2mc^2$ 3

$E = 2(9.1\times10^{-31})(3.0\times10^{8})^2$ / $= 1.638\times10^{-13}$ (J) 3

$\Delta E = [2.376 - 1.638]10^{-13}$ / $7.38\times10^{-14}$ 3

$E_k$ *in aghaidh an cháithnín* $= 3.69\times10^{-14}$ J **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

21

**(iii)** Is é atá i mball d'fhine méasón ná dhá cháithnín. Tá gach cáithnín comhdhéanta d'uaschuairc agus d'íoschuairc agus a gcuid frithcháithníní.

**Déan na teaglamaí féideartha a thógáil. Déan an lucht atá ar gach teaglaim a dhéaduchtú agus sainaithin gach teaglaim.**

| *teaglaim* | lucht | ainm |
|---|---|---|
| $u + \overline{u}$ | $\Rightarrow 0$ | $\Rightarrow \pi^0$ / pi – neodrach |
| $u + \overline{d}$ | $\Rightarrow +1$ | $\Rightarrow \pi^+$ / pi – plus |
| $d + \overline{u}$ | $\Rightarrow -1$ | $\Rightarrow \pi^-$ / pi – míneas |
| $d + \overline{d}$ | $\Rightarrow 0$ | $\Rightarrow \pi^0$ / pi – neodrach |

teaglaim 4 × 1

lucht 4 × 1

ainm 4 × 1

(bronntar 4 mharc ar chnuasainm '*píóin*')

**Cén scríbhneoir cáiliúil Éireannach a smaoinigh ar dtús ar an ainm 'cuarc'?**

(James) Joyce 5

17

(*b*)

**Déan idirdhealú idir seoladh intreach agus seoladh eistreach i leathsheoltóir.**

**seoladh intreach:**

leathsheoltóir íon/sileacan íon 3
is ionann líon na leictreon agus líon na bpoll (deimhneach) 3

**seoladh eistreach:**

leathsheoltóir dópáilte/neamhíon // tagairt d'iompróir luicht mórlaigh/mionlaigh 3

9

Sa chiorcad taispeántar ceithre dhé-óid sholas-astaíoch agus iad ceangailte de fhriotóir R agus de sholáthar 6 V s.a. de mhinicíocht 1 Hz.

(i) **Cad a bhreathnaítear nuair a bhíonn an ciorcaid ag feidhmiú?**

le linn aon soicind/timthriall amháin 3

splanclasann $D_1$ agus $D_4$ (in éineacht le linn aon leath-thimthriall amháin) 3

agus ina dhiaidh ansin, splanclasann $D_2$ agus $D_3$ (splanc) 3

(dhá led ar splanclasadh aon tráth ar bith ... 6 mharc: led-anna ag lasadh agus ag múchadh ... 3 mharc )

**Mínigh cad a bhreathnaítear agus tagairt á déanamh agat don chiorcad.**

nuair a bhíonn tul-laofacht ag baint le $D_1$ agus $D_4$ (dá réir sin iad ag seoladh) 3

bíonn cúl-laofacht ag baint le $D_2$ agus $D_3$ 3

(ní bhíonn tul-laofacht ag baint le péire de na led-anna ach amháin gach re leath-thimthriall/leathsoicind ... 6 mharc)

**Cad a bhreathnaítear nuair a athraítear minicíocht an tsoláthair s.a. go 50 Hz?**

(splanclasadh chomh tréan agus go sílfí) na led-anna lasta go leanúnach 3

18

(ii) **Tabhair dhá fheidhm atá ag an bhfriotóir R?**

cosaint do na led-anna (ar ró-ualú) / teorainn leis an sruth 3
(oibríonn mar a bheadh friotóir ualaigh) ualach (ann) 3

**Conas a léiríodh voltas an aschuir?**

ascalascóp ga-chatóideach / c.r.o. / (scaileán) ríomhaire / logáil sonraí 6

**Tarraing graif chun na difríochtaí idir voltais an ionchuir agus voltais an aschuir a léiriú.**

ionchur s.a. (i gcomhphas) 6

as chur lántoinne coigeartaithe (i gcomhphas) 6

24

(iii) **Tugtar faoi deara go bhfuil voltas an aschuir níos ísle ná voltas an ionchuir. Mínigh cén fáth.**

titim voltais trasna led ( $\approx$1.6 V) / 'cailltear voltas (áirithe) trasna led-anna'
/ tagairt do 'chaomhnú fuinnimh' 5

5

## Ceist 11

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

(*a*) **Tabhair dhá airí atá ag radathonnta.**
taisteal ar luas an tsolais; radaíocht leictreamaighnéadach; taisteal trí fholús;
(is féidir) a fhrithchaitheamh; a athraonadh; a pholarú; etc. dhá cheann ar bith: 4+3

(*b*) **I rith glao gutháin a mhaireann trí nóiméad, ionsúnn 10 g d'fhíochán cinn 0.36 J d'fhuinneamh radaimhinicíochta. Ríomh luach an SRI.**

$$(\text{Cumhacht} =) \ \frac{0.36}{3\times 60}\left(\text{J s}^{-1}\right) \ / = 0.002\ (\text{W})$$ 4

$$\text{SAR}\left(\Rightarrow \frac{\text{W}}{\text{kg}}\right) = \frac{0.36}{(3\times 60)\left(10\times 10^{-3}\right)} \ / \ 0.20\ \left(\text{W kg}^{-1}\right)$$ 3

(*c*) **Cad a tharlaíonn don fhuinneamh radaimhinicíochta a ionsúnn an corp?**
tiontú ina theas 4
a iompar chun bealaigh sa cholainn 3

(*d*) **Cén fáth nach bhfuil tonnta radaimhinicíochta an-treáiteach?**
minicíocht íseal / thonnfhad fada / ar bheagán fuinnimh 7

(*e*) **Tiontaíonn fón póca na tonnta radaimhinicíochta a fhaigheann sé, ina bhfuaimthonnta. Cad iad teorainneacha na minicíochtaí inchloiste i gcás fuaimthonnta?**
(luach íochtarach ≈) 20 Hz 4
(luach uachtarach ≈) 20 000 Hz **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

(*f*) **Tabhair dhá réamhchúram sábháilteachta ba chóir duit a ghlacadh agus fón póca á úsáid agat.**
an fón a choinneáil achar éigin uait / leas a bhaint as an gcallaire / 'saor ó lámha etc.:
glaonna gearra amháin: an aeróg a dhíriú amach ón gceann: etc. dhá cheann ar bith: 4+3

(*g*) **Tarchuireann fón póca ar 1200 MHz óna aeróg.**
**Ríomh fad a aeróige, arb ionann é agus ceathrú den tonnfhad a tharchuireann sí.**

$$\lambda = \frac{c}{f} \ / \ \frac{3\times 10^{8}}{1.2\times 10^{9}} \ / \ 0.25\ (\text{m})$$ 4

fad na haeróige $= 0.0625 \approx 0.06$ m **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

(*h*) **Ainmnigh tonn leictreamaighnéadach a d'fhéadfadh ailse a tharraingt ar dhuine. Cosain do fhreagra.**
$\gamma$ ghathanna / X-ghathanna / UV ceann amháin ar bith: 4
ianúchán ar chealla (sa chorp) 3

**Ceist 12**

Freagair **dhá** cheann ar bith de na míreanna seo a leanas (*a*), (*b*), (*c*), (*d*).

(***a***) (i) **Tá greim ag mac léinn ar bhraiteoir gluaisne atá ceangailte de logálaí sonraí agus a áireamhán. Liostaigh na treoracha ba chóir duit a thabhairt don mhac léinn chun go dtaispeánfaidh an ríomhaire an graf a thaispeántar i bhFíor 1.**

seasamh 1 m ón mballa (agus *START* a roghnú) 3
socair ar feadh 5 s 3
seasamh siar 3 m (ón mballa) faoi cheann 6 s / glactar le treoluas agus am/fad faoi leith 3
socair go ceann 7 s 3
seasamh isteach go dtí 1 m ón mball faoi cheann 4 s 2

14

**(ii) Sa ghraf i bhFíor 2 léirítear gluaisne rothaí le linn turais. Agus an graf á úsáid agat, ríomh an fad a thaisteal an rothaí agus an meánluas a bhí faoi i rith an turais.**

$18\ \text{km h}^{-1}\ \left[=\frac{18000}{60}\right] = 300\ \text{m min}^{-1}$ 2

$s_1$ = (meánluas × am) = 150 × 6 = 900 (m) 2
$s_2$ = 300 × 8 = 2400 (m) 2
$s_3$ = 150 × 5 =750 (m) 2
fad iomlán = 4050 (m) 2

$\text{meánluas} = \frac{\text{fad iomlán}}{\text{am iomlán}}$ 2

$\text{meánluas} = \frac{4050}{19}$ / 213.2 m nóim$^{-1}$ / 3.55 m s$^{-1}$ **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 2

14

---

(***b***) Tarlaíonn an t-imoibriú seo a leanas in imoibreoir núicléach:

$$^{235}\text{U} + {}^{1}_{0}\text{n} \rightarrow {}^{141}\text{Ba} + \text{X} + 3{}^{1}_{0}\text{n} + 202.5\ \text{MeV}$$

(i) **Sainaithin an dúil X.**

*Kr* / crioptón 6

6

(ii) **Ríomh an difríocht mhaise idir na himoibreáin agus na táirgí san imoibriú.**

$E = mc^2$ 3

$m = \frac{(202.5\times10^{6})(1.6\times10^{-19})}{(3\times10^{8})^{2}}$ 3

$m = 3.6\times10^{-28}\ \text{kg}$ **(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 3

9

**Cad is imoibriú slabhrúil ann?**
imoibriú uathchothaitheach / imoibriú a dtarlaíonn breis eamhnaithe de thoradh ar eamhnú neodrón (go mbíonn breis neodrón dá bharr) etc./ léiriú soiléir le léaráid 6

**Tabhair coinníoll amháin atá riachtanach chun go dtarlódh imoibriú slabhrúil.**
mais breosla ar fáil is mó ná an mhais chriticiúil / ní mór ar a laghad ceann de na neodróin a scaoiltear ina shiocair eamhnaithe i núicléas eile 3

9

(iv) **Ainmnigh tionchar amháin ar an timpeallacht a luaitear le himoibreoir núicléach.**
toscaineach /dramhaíl radaighníomhaíochta, nochtadh do radaíocht, etc. 4

4

**(*c*) Mínigh an téarma athshondas agus déan cur síos ar thurgnamh saotharlainne chun é a léiriú.**

aistriú fuinnimh (a lua/a thabhairt le tuiscint) 3

ionas go dtosnaíonn corp ar crith lena minicíocht nadúrtha 3

<u>Exemplar:</u>

fearas: gabhlóg thiúnta, píosa íopa (fad éagsúil mar mheán) 3

modh oibre: coinnítear an gabhlóg atá ar crith le ceann (oscailte) an phíopa agus athraítear fad (an cholúin aeir) roinnt uaireanta 3

breathnú: cloistear fuaim ard (ag fad faoi leith) 3

15

**Tabhair dhá thréith atá i nóta ceoil agus ainmnigh an t-airí fisiceach a mbraitheann gach tréith uirthi.**

airde ..........► minicíocht

treise ..........► aimplitiúid / déine 3×3

tréithíocht/timbre ..........► armónaic / forthoin

9

(bronntar **3 mharc** i ndáil le gach ceann de dhá 'thréithe' maille le **3 mharc** sa bhreis orthu sin má tá na hairíonna a cheanglaítear leo i gceart i gcás <u>an dá thréith</u>)

**Mínigh cén fáth nach bhfuaimníonn tiúin cheoil mar an gcéanna nuair a sheinntear ar ghléasanna difriúla ceoil í.**

cuirtear (minicíocht bhunúsach maille le) cumaisc éagsúla forthon/armónaice amach as gléasanna éagsúla 4

('cuirtear iolraigh corra mhinicíocht bhunúsach amach as píopa dúnta agus cuirtear gach iolrach den mhinicíocht bhunúsach amach as píopa oscailte' …. 4 mharc)

4

---

**(*d*) Sainmhínigh neart réimse leictrigh agus tabhair a aonad tomhais.**


fórsa // $E = F/q$ 3

in aghaidh lucht aonaid // nodaireacht go cruinn 3

$\text{N C}^{-1}$ / $\text{V m}^{-1}$ 3

9

**Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar agus taispeáin uirthi treo an réimse leictrigh ag pointe P.**




3

**Ríomh neart an réimse leictrigh ag P.**

$$E = \frac{q}{4\pi\varepsilon d^2} \;/\; F = \frac{q_1 q_2}{4\pi\varepsilon d^2}$$ 3

réimse iomlán ag P : $$E_{\text{iomlán}} = \frac{1}{4\pi\varepsilon}\left[\frac{q_1}{d_1^2} + \frac{q_2}{d_2^2}\right]$$ 3

$$E_{\text{iomlán}} = \frac{1}{4\pi\varepsilon}\left[\frac{2\times10^{-6}}{(0.1)^2} + \frac{5\times10^{-6}}{(0.15)^2}\right]$$ 3

$$E_{\text{iomlán}} = 3.77\times10^{6}\ \text{N C}^{-1}\ (\text{treo sonraithe})$$ 3

**(–1 i ndáil le haonaid ar lár nó na haonaid chontráilte)** 15

**Cad iad na tosca faoina dtarlóidh díluchtú pointe?**

<u>treise</u> /<u>poitéinseal</u> mór sa <u>réimse leictreachais</u> ag pointe / dlús ard luicht ag pointe 4

4